

Gníomhaíocht Teanga Bunscóile

Cuireann an áis seo le físeán lá 4 Sheachtain na Food Dudes don leibhéal sinsearach. Baineann an áis seo leis an gcuraclam Teanga Bunscóile do dhaltáí Rang 5 agus Rang 6.

Físteachtairacht:

Tugtar míniú i bhfíseán lá 4 don leibhéal sinsearach ar na gnéithe éagsúla i saol sláintiúil, mar shampla, gníomhaíochtaí coirp agus ligean scíste.

Baineann an ghníomhaíocht seo leis an **réimse curaclaim** seo a leanas:

Teanga Bunscóile > Scríobh > Teanga a fhiosrú agus a úsáid

Príomhthorthaí Foghlama:

- ✓ Téacs a chruthú ar chúiseanna údarachta ar leith, ag léiriú tuiscint níos doimhne ar thionchar an lucht éisteachta/léite ar a gcuid scríbhneoireachta.
- ✓ Anailís agus meastóireacht a dhéanamh ar na struchtúir théacsúla agus ar na gnéithe teanga ar leith a bhaineann le réimse seánraí, agus úsáid a bhaint astu.
- ✓ Teicnicí éagsúla scríbhneoireachta a úsáid chun a nguth pearsanta a léiriú agus a fhorbairt tuilleadh ina gcuid scríbhneoireachta, tuiscint do chanúint san áireamh.

Treoirínnte don Mhúinteoir:

Is féidir an teimpléad seo a leanas a phriontáil do na daltaí nó is féidir leo an tasc a dhéanamh ina gcóipleabhair. Nuair a bheidh an tasc déanta, d'fhéadfaí na leathanaigh tosaigh aonair a chur ar chlár fógraí na scoile, ar shuíomh gréasáin nó in iris.

Tasc:

Iarr ar gach dalta scéal nuachta don leathanach tosaigh a scríobh faoi shaol sláintiúil bunaithe ar an méid atá foghlamtha acu ó físeán na Food Dudes. Tabhair na leideanna seo a leanas dóibh lena chinntiú go mbainfidh siad an oiread leasa as an tasc agus is féidir.

Ceannlíne – Scríobhtar ceannlínte nuachtáin chun aird an léitheora a cheapadh. Is minic imeartas focal, rím agus uaim in úsáid.

Fotheideal – Ba chóir go mbeadh rud beag níos mó eolais san fhotheideal faoi ábhar an ailt.

Paragraf tosaigh – Paragraf gairid a chlúdaíonn “na 5 C-anna” (cé, céard, cathain, cá háit, cad chuige).

Stíl scríbhneoireachta – De ghnáth, bíonn ailt i nuachtáin scríofa sa tríú pearsa agus san aimsir chaite. Bíonn caint dhíreach agus caint thuairiscithe araon iontu.

Conclúid – Sa pharagraf deireanach, ba chóir a mhíniú cad é an chéad rud eile a tharlóidh agus achoimre a dhéanamh ar an scéal.

SCÉALTA SLÁINTE

NUACHTÁN DON SAOL SLÁINTIÚIL



Seachtain na Food Dudes

Eagrán 1

Earrach 2020



Scríofa ag: _____